

Clár

1.	Cad is ranníocaíocht curtha chun sochair ann?	3
2.	Cé a cháilíonn do chreidmheasanna?	4
3.	Cé acu íocaíochtaí leasa shóisialaigh a gcabhraíonn creidmheasanna liom cáiliú dóibh?	5
4.	An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna réamhiontrála?	6
5.	An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má táim dífhostaithe?	6
6.	An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má táim breoite?	8
7.	An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má théim ar luathscor?	10
8.	An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má thugaim suas mo phost chun aire a thabhairt do dhuine?	10
9.	Cad a tharlaíonn má bhí mé féinfhostaithe ach mura n-oibrím a thuilleadh?	12
10.	An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna as am a caitheadh ar an gcoigríoch mar oibrí forbartha deonach?	14

ar leanúint thall

Aibreán 2015

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil, leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach Ich. 19 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní léirmhíniú dleathach atá ann.

11. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna mic léinn? 15
12. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire mháithreachais? 15
13. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire uchtaíoch? 16
14. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire sláinte agus sábháilteachta? 16
15. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire do thuismitheoirí? 17
16. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna faoin Scéim um Chúramaí Baile? 18
17. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um athrú stádais? 18
18. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil? 19

1. Cad is ranníocaíocht curtha chun sochair ann?

Más i bhfostaíocht inárachaithe thú, íocann tú ranníocaíocht ÁSPC gach seachtain. Ní dhéantar ranníocaíochtaí ÁSPC nuair atá tú:

- as láthair ón obair de dheasca breoiteachta, nó
- dífhostaithe.

Is féidir, áfach, go gcáileoidh tú do ranníocaíochtaí curtha chun sochair (ranníocaíochtaí creidiúnaithe). Tá na creidmheasanna seo cosúil leis na creidmheasanna ÁSPC a íocann tú le linn duit a bheith ag obair. Is iondúil go mbronntar creidmheasanna ar an aicme chéanna agus do ranníocaíocht íoctha dheireanach ÁSPC.

Is tábhachtach iad na creidmheasanna toisc gur féidir leo cabhrú leat cáiliú d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Cinnteoidh na creidmheasanna a bhronntar i rith tréimhsí dífhostaíochta nó breoiteachta, mar shampla, go mbeidh do thairfead árachais shóisialaigh gan bhriseadh.

Is féidir go bhfaighidh tú creidmheasanna as tréimhsí ar:

- Sochar nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
- Sochar Breoiteachta,
- Sochar Máithreachais,
- Sochar Uchtaíoch,
- Sochar Sláinte & Sábháilteachta ,
- Pinsean Easláine,
- Sochar Cúramóra,
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora*,
- Liúntas Míchumais,
- Sochar Díobhála Ceirde,
- Liúntas Cúramóra.

*Is féidir go gcáileoidh duine árachaithe do chreidmheas um ranníocaíocht fostaíochta i dtaca le haon seachtain ina bhfaigheann sé/sí Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ar chuntar, díreach roimh éileamh dá leithéid, go raibh sé/sí i dteideal creidmheasanna agus go raibh Sochar Breoiteachta, Sochar Díobhála Ceirde, Sochar nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar nó Liúntas Cúramóra, Sochar Máithreachais, Sochar Sláinte agus Sábháilteachta, Sochar Uchtaíoch, Liúntas Míchumais nó Sochar Easláine á fháil aige/aici.

Is féidir go gcáileoidh tú do chreidmheasanna má ghlacann tú páirt in aon cheann díobh seo a leanas:

- Scéim Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas,
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS),
- Aon chúrsa oideachais eile arna fhaomhadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí,
- Cúrsa oiliúna SOLAS,
- Cúrsa boird oideachais agus oiliúna arna shonrú i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013,
- Cúrsa an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasoireachta,
- Cúrsa oiliúna an Bhoird Iascaigh Mhara (BIM), nó
- Cúrsa oiliúna Teagasc

Tabhair faoi deara

Mura bhfaigheann tú íocaíocht leasa shóisialaigh, is féidir fós go gcáileoidh tú do chreidmheasanna.

2. Cé a cháilíonn do chreidmheasanna?

Ní cháilíonn tú do chreidmheasanna ach:

- má d'oibrigh tú agus má d'íoc tú ranníocaíocht ÁSPC amháin ar **Aicme ÁSPC A, B, C, D, E, H nó P** ar a laghad, **agus**
- má tá ranníocaíochtaí íoctha nó curtha chun sochair agat i gceachtar den dá lánbhliain chánach ioncaim dheiridh.

Tabhair faoi deara

Má tá bearna de bhreis agus dhá lánbhliain chánach i do thaifead árachais shóisialaigh, caithfidh tú obair agus ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc go ceann 26 seachtaine eile sula mbeidh tú intofa do chreidmheasanna.

Is féidir ranníocaíochtaí cuí árachais shóisialaigh a íocadh i dtír eile den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach a áireamh chun críche an bhearna ranníocaíochtaí seo a líonadh.

3. Cé acu íocaíochtaí leasa shóisialaigh a gcabhraíonn creidmheasanna liom cáiliú dóibh?

Íocaíocht Leasa Shóisialaigh	Do ranníocaíocht dheireanach fostaíochta ÁSPC a íocadh:						
	A	B	C	D	E	H	P
Sochar Uchtaíoch	✓				✓	✓	
Sochar Cúramóra	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Sochar Breoiteachta	✓				✓	✓	✓*
Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	✓				✓	✓	
Pinsean Easláine	✓				✓	✓	
Sochar Máithreachais	✓				✓	✓	
Pinsean Stáit (Ranníocach)	✓				✓	✓	
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Sochar Cóireála	✓				✓	✓	✓
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	✓					✓	✓*
Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)	✓	✓	✓	✓	✓	✓	

* Fad teoranta ama amháin

4. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna réamhiontrála?

Nuair a íocann tú do chéad ranníocaíocht ÁSPC (seachas Aicme **B, C, D, J agus S**) tá teidlíocht agat ar chreidmheasanna réamhiontrála siar go dtí tús na bliana cánach ioncaim a dtosaíonn tú ag obair agus an dá bhliain chánach roimhe sin.

Tabhair faoi deara

Ní thugtar creidmheasanna réamhiontrála ach aon uair amháin, de ghnáth.

5. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má táim dífhostaithe?

Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

Má chomhlíonann tú na coinníollacha ar leathanaigh 4 agus 5 agus má tá tú dífhostaithe go hiomlán agus má fhaigheann tú Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, faigheann tú creidmheasanna go huathoibríoch. Má tá do theidlíocht ar Shochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ídithe agat agus má cháilíonn tú do Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, is féidir go leanfaidh tú de chreidmheasanna a fháil.

Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

Má chomhlíonann tú na coinníollacha ar leathanaigh 4 agus 5 agus má fhaigheann tú Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, cáilíonn tú do chreidmheasanna.

Creidmheasanna do Lucht Cuardaigh Fostaíochta

Má tá tú dífhostaithe agus mura gcáilíonn tú d'íocaíocht dífhostaíochta, is féidir leat síniú i gcomhair creidmheasanna i d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chun do thaifead árachais shóisialaigh a choinneáil cothrom le dáta fad is a cháilíonn tú do chreidmheasanna.

Gheobhaidh tú creidmheas i dtaca le gach seachtain iomlán de dhífhostaíocht chruthaithe. Ní mór duit a bheith ar fáil chun oibre, a bheith dáiríre ar lorg oibre agus a bheith i gcumas oibre.

Má tá tú ag síniú i gcomhair creidmheasanna amháin, is féidir go mbeidh éagsúlacht bheag ar na socruithe síniúcháin i ngach Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh. Déan teagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chun sonraí a fháil.

Má ghlacann tú páirt i gceann amháin díobh seo a leanas:

- Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas (Rogha Dara Leibhéal nó Tríú Leibhéal)
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS)
- Cúrsaí oiliúna SOLAS, an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, BIM nó Teagasc

Gheobhaidh tú creidmheasanna go ceann ré an chúrsa, ar chuntar go raibh tú intofa do chreidmheasanna roimh duit an cúrsa a thosú.

Más duine a d'fhág an scoil thú a ghlacann páirt i gcúrsa oiliúna SOLAS nó i gcúrsa oiliúna eile agus murar íoc tú aon ranníocaíocht ÁSPC, ní cháilíonn tú do chreidmheasanna le linn duit a bheith ar an gcúrsa.

Má tá tú dícháilithe ó íocaíocht dífhostaíochta a fháil toisc go bhfuil tú páirteach i stailc, is féidir go gcáileoidh tú do chreidmheasanna go ceann ré na stailce.

Má tá tú páirteach i stailc, is cóir duit iarratas a dhéanamh ar chreidmheasanna i d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

6. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má táim breoite?

Má chomhlíonann tú na coinníollacha ar leathanaigh 4 agus 5 agus má tá tú éagumasach chun oibre de dheasca breoiteachta, díobhála, galair nó míchumais, is féidir go gcáileoidh tú do chreidmheasanna.

Má fhaigheann tú Sochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Sochar Díobhála Ceirde, deonófar creidmheasanna go ceann ré na n-íocaíochtaí seo.

Gheobhaidh tú creidmheas i dtaca le gach seachtain iomlán den bhreoiteacht, ar chuntar go gcáileoidh tú do chreidmheasanna.

Forlónadh Éagumais

Má tá do theidlíocht ar Shochar Breoiteachta nó ar Shochar Díobhála Ceirde ídithe agat agus má cháilíonn tú d'Fhorlónadh Éagumais, is cóir duit leanúint de theastais an dochtúra a chur isteach gach mí (mura gcuirtear a mhalairt in iúl duit) chun deimhin a dhéanamh de go leanfaidh tú de chreidmheasanna a fháil go ceann ré do bhreoiteachta nó do mhíchumais.

Is féidir leat teastais an dochtúra a fhágáil isteach ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó iad a chur chuig:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bosca OP 1650
Baile Átha Cliath 1

Liúntas Míchumais

Má fhaigheann tú Liúntas Míchumais agus mura bhfuair tú Sochar Breoiteachta roimh ré, is féidir go gcáileoidh tú do

chreidmheasanna más amhlaidh atá ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair agat i gceachtar den dá bhliain chánach dheiridh. Is féidir go dtabharfar creidmheasanna, ón dáta a mbronntar do Liúntas Míchumais go dtí go gcuirfear deireadh le d'íocaíocht.

Má bhronn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Liúntas Cothabhála Daoine faoi Mhíchumas roimh 2 Deireadh Fómhair 1996, is féidir go dtabharfar creidmheasanna duit ó 2 Deireadh Fómhair 1996. Stadfaidh tú de chreidmheasanna a fháil chomh luath agus a stadfaidh d'íocaíocht.

An féidir liom creidmheasanna a fháil mura gcáilím d'íocaíocht bhreiteachta?

Má dhéanann tú iarratas ar Shochar Breiteachta nó ar Shochar Díobhála Ceirde agus mura gcáilíonn tú d'íocaíocht, is féidir go mbeidh tú i dteideal ranníocaíochtaí curtha chun sochair.

Má cháilíonn tú do chreidmheasanna, is cóir duit leanúint de theastais an dochtúra a chur isteach.

Obair sa tseirbhís phoiblí a thabhairt suas de dheasca easláinte

Má oibríonn tú sa tseirbhís phoiblí agus má tá ranníocaíochtaí ÁSPC ar **Aicmí B, C, nó D** íoctha agat agus má tá ort obair a thabhairt suas de dheasca easláinte, is féidir leat do thaifead árachais shóisialaigh a chothabháil trí theastais an dochtúra a chur isteach uair sa bhliain. Cosnóidh na creidmheasanna a thabharfar do theidlíocht ar Phinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach) .

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar na creidmheasanna seo trí fhoirm iarratais **CR35** a líonadh. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

7. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má théim ar luathscor?

Le héifeacht ó 4 Iúil 2007 cuireadh deireadh leis an Scéim Liúntais Réamhscoir i gcás custaiméirí nua. Ciallaíonn sé seo nach féidir a thuilleadh le daoine ar scor cáiliú do chreidmheasanna réamhscoir.

Is féidir, áfach, go mbeidh tú i dteideal Creidmheasanna do Lucht Cuardaigh Fostaíochta (féach leathanaigh 6 agus 7) nó Creidmheasanna um Shaoire Breoiteachta (féach leathanaigh 8 agus 9), faoi réir coinníollacha na scéimeanna seo a chomhlíonadh.

Mura mar sin é, is féidir go mbeidh Ranníocaíochtaí Deonacha mar rogha ag duine ar mian leis/léi a T(h)eidlíochtaí Leasa Shóisialaigh a chosaint (féach leathanaigh 12 agus 13).

8. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna má thugaim suas mo phost chun aire a thabhairt do dhuine?

Liúntas Cúramóra

Má thugann tú suas do phost chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil do dhuine éagumasaithe agus má fhaigheann tú Liúntas Cúramóra, is féidir go cáileoidh tú do chreidmheasanna le linn duit an íocaíocht seo a fháil. Bronntar na creidmheasanna ar an ráta céanna agus do ranníocaíocht dheireanach ÁSPC a íocadh.

Sochar Cúramóra

Má thugann tú suas do phost chun cúram agus aire lánaimseartha a chur ar fáil do dhuine éagumasaithe agus má fhaigheann tú Sochar Cúramóra, is féidir go cáileoidh tú do chreidmheasanna le

linn duit an íocaíocht seo a fháil. Bronntar na creidmheasanna ar an ráta céanna agus do ranníocaíocht dheireanach ÁSPC a íocadh.

Creidmheasanna um shaoire chúramóra

Má ghlacann tú saoire chúramóra (saoire shealadach gan phá ón obair chun aire a thabhairt do dhuine) ach mura bhfaigheann tú Sochar Cúramóra ná Liúntas Cúramóra, cáileoidh tú do chreidmheasanna um shaoire chúramóra do gach seachtain de shaoire chúramóra suas le 104 seachtaine ar a mhéad. Cinnteoidh sé seo go bhfanfaidh do thaifead árachais shóisialaigh gan bhriseadh.

Nuair a fhillfidh tú ar obair, is cóir do d'fhostóir foirm iarratais ar chreidmheasanna um shaoire chúramóra a líonadh. Gheobhaidh tú creidmheasanna i dtaca le tréimhse do shaoire cúramóra agus cuirfear do thaifead árachais shóisialaigh bord ar bhord leis an eolas is déanaí. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Chun eolas ar an Acht um Shaoire Chúramóra, 2001 a fháil, déan teagmháil le:

An tSeirbhís do Chustaiméirí um Chaidreamh san Áit Oibre

An Roinn Post, Fiontraíochta agus Núálaíochta

Bóthar Uí Bhriain

Ceatharlach

Guthán: (059) 9178990

Íosghlao: 1890 80 80 90

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 59 91 78990, le do thoil

Láithreán Gréasáin: **www.workplacerelations.ie**

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

9. Cad a tharlaíonn má bhí mé féinfhostaithe ach mura n-oibrím a thuilleadh?

Mura bhfuil ach ranníocaíochtaí ÁSPC **Aicme S** agat sa dá lánbhliain chánach dheiridh, agus mura bhféadann tú aon ÁSPC a íoc a thuilleadh de dheasca breoiteachta, dífhostaíochta nó má thiteann d'ioncam ón bhféinfhostaíocht faoi bhun méid áirithe, ní cháilíonn tú do chreidmheasanna. Is féidir go roghnóidh tú Ranníocaíochtaí Deonacha ina ionad sin.

Má bhí ranníocaíochtaí **Aicme A, B, C, D, E, H nó P** agat freisin sa dá bhliain chánach dheiridh, is féidir go gcáileoidh tú do chreidmheasanna.

Cad is Ranníocaíocht Dheonach ann?

Is do dhaoine faoi bhun 66 bliana d'aois nach bhfuil faoi chumhdach an ÁSPC éigeantaigh a thuilleadh atá na ranníocaíochtaí deonacha. Is rogha freisin iad na ranníocaíochtaí deonacha do dhaoine a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh nach gcáilíonn do chreidmheasanna.

In aon bhliain, íocann iarfhostaithe ÍMAT ranníocaíochtaí deonacha ar chéatadán a n-ioncaim sa bhliain roimhe sin. Is ann do tháille íosta agus do tháille uasta. Íocann daoine a bhí féinfhostaithe sainráta seasta.

Is féidir go gcáileoidh tú do ranníocaíochtaí deonacha:

- má tá 468* seachtaine ar a laghad d'ÁSPC íoctha agat i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht, agus
- má dhéanann tú iarratas laistigh de 12 mhí ó dheireadh na bliana ranníocaíochta a ndearna tú ranníocaíocht ÁSPC an uair dheiridh nó inar bronnadh ranníocaíocht curtha chun sochair ort an uair dheiridh.

*Más ranníocóir deonach thú ar 6 Aibreán 2015 nó ina dhiaidh sin, ní mór 520 seachtain ar a laghad d'ÁSPC a bheith íoctha agat i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht.

Tabhair faoi deara

Is féidir go gcothóidh ranníocaíochtaí deonacha do theidlíochtaí ar phinsean. Is féidir go gcabhróidh cumasc de ranníocaíochtaí deonacha agus ranníocaíochtaí eile a bheidh íoctha nó curtha chun sochair leat cáiliú do ráta pinsin a bheidh níos airde ná an méid a gheofá murach sin. Níor chóir duit fanacht go dtí go mbeadh iarratas ar phinsean á dhéanamh agat chun ranníocaíochtaí deonacha a chioradh, mar b'fhéidir go mbeadh sé ró-dhéanach faoin tráth sin.

Mura mbíonn ranníocaíochtaí ÁSPC á ndéanamh agat a thuilleadh agus mura gcáilíonn tú do ranníocaíochtaí curtha chun sochair, is féidir go gcaithfidh tú a bheith i do ranníocóir deonach chun do theidlíochtaí ar phinsean a chothabháil.

Ní chlúdaíonn ranníocaíochtaí deonacha thú ó thaobh sochar gearrthréimhseach amhail Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Sochar Máithreachais, Sochar Breoiteachta nó Sochar Cóireála.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Rannóg na Ranníocaíochtaí Deonacha

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Chorcaí
Port Láirge

Guthán: (01) 471 5898

Íosghlao: 1890 690 690

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 1 471 5898, le do thoil

10. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna as am a caitheadh ar an gcoigríoch mar oibrí forbartha deonach?

Má ghlacann tú páirt in obair dheonach i dtír i mbéal forbartha, is féidir go gcáileoidh tú do chreidmheasanna go ceann ré do shannta oibre ar an gcoigríoch, suas le 5 bliana ar a mhéad.

Ní mór duit a bheith i do chónaí in Éirinn roimh do shannadh oibre ar an gcoigríoch chun cáiliú do na creidmheasanna seo.

Ní mór d'obair a bheith socraithe:

- ag nó trí ghníomhaireacht neamhrialtasach in Éirinn,
- ag nó trí ghníomhaireacht rialtasach nó neamhrialtasach in aon Bhallstát den Aontas Eorpach (seachas Éire), nó
- go díreach le Rialtas na tíre i mbéal forbartha.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Mura mar sin é, is féidir leat do scéal a dhearbháil roimh duit Éire a fhágáil trí theagmháil a dhéanamh le:

Rannóg na mBailiúchán Speisialta ÁSPC

Oifig na Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Chorcaí

Port Láirge

Guthán: (01) 471 5898

Íosghlao: 1890 690 690

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 1 471 5898, le do thoil.

11. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna mic léinn?

Is féidir go bhfaighidh tú creidmheasanna as am a caitheadh in oideachas lánaimseartha mar shampla ar an tríú leibhéal:

- má d'oibrigh tú sular thosaigh tú an cúrsa agus má d'íoc tú ranníocaíochtaí ÁSPC ar **Aicme A**,
- má thosaigh tú an cúrsa roimh 23 bliana d'aois a shlánú, agus
- má d'fhill tú ar fhostaíocht inárachaithe.

Nuair a dhéanann tú iarratas ar chreidmheasanna mic léinn, ní mór duit:

- daingniú i scríbhinn a thabhairt ón scoil nó ón gcoláiste ina luaitear go raibh tú i do mhac léinn san áit sin,
- na dátaí ar fhreastail tú ar an scoil/gcoláiste a thabhairt, agus
- cruthúnas a thabhairt gur fhill tú ar an bhfostaíocht lánaimseartha.

Ní féidir leat creidmheasanna mic léinn a fháil ach uair amháin.

12. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire mháithreachais?

Is éard atá sa tsaoire mháithreachais ná 26 seachtaine de shaoire le pá agus 16 seachtaine de shaoire gan phá ar bhonn roghnach. Má fhaigheann tú Sochar Máithreachais, gheobhaidh tú creidmheasanna go huathoibríoch.

Má ghlacann tú saoire mháithreachais gan phá tar éis dheireadh do Shochair Mháithreachais, is cóir duit iarraidh ar d'fhostóir an fhoirm iarratais ar chreidmheasanna um shaoire mháithreachais

a líonadh nuair a fhilleann tú ar an obair. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

13. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire uchtaíoch?

Is éard atá sa tsaoire uchtaíoch ná 24 seachtaine de shaoire le pá agus 16 seachtaine de shaoire gan phá ar bhonn rognach. Má fhaigheann tú Sochar Uchtaíoch, gheobhaidh tú creidmheasanna go huathoibríoch.

Má ghlacann tú saoire uchtaíoch gan phá tar éis dheireadh do Shochair Uchtaíoch, is cóir duit iarraidh ar d'fhostóir an fhoirm iarrais ar chreidmheasanna um shaoire uchtaíoch a líonadh nuair a fhilleann tú ar an obair. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

14. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire sláinte agus sábháilteachta?

Deonaíonn d'fhostóir saoire sláinte agus sábháilteachta duit nuair nach féidir leis an bhfostóir deireadh a chur le baol do do shláinte agus do shábháilteacht le linn duit a bheith ag iompar clainne nó a bheith ag cothú ar an gcíoch, nó nuair nach féidir leis an bhfostóir dualgais mhalartacha atá 'saor-ó-bhaol' a thabhairt duit. Má fhaigheann tú Sochar Sláinte agus Sábháilteachta, gheobhaidh tú creidmheasanna go huathoibríoch. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

15. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um shaoire do thuismitheoirí?

Mar thuismitheoir, tá cead agat saoire do thuismitheoirí a ghlacadh, mar bhloc leanúnach de 18 seachtaine nó, le comhaontú d'fhostóra, briste suas thar thréimhse ama.

Má ghlacann tú saoire do thuismitheoirí, gheobhaidh tú creidmheasanna i dtaca le gach seachtain iomlán a ghlacann tú. Cinnteoidh sé seo go gcothófar do chumhdach reatha i gcomhair na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

Ba chóir do d'fhostóir scríobh chuig Seirbhísí Intofachta na gCliant chun an fad ama, an líon seachtainí agus na dátaí cruinne de do shaoire do thuismitheoirí a dheimhniú.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

Seirbhísí Intofachta na gCliant

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bóthar Mhic Artair

Bun Cranncha

Contae Dhún na nGall

Guthán: (01) 471 5898

Íosghlao: 1890 690 690

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar + 353 1 471 5898, le do thoil

Chun a thuilleadh eolais ar shaoire do thuismitheoirí a fháil, déan teagmháil le:

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

4^ú Urlár, Teach Jervis

Sráid Jervis

Baile Átha Cliath 1

Íosghlao: 1890 245 545 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+353 1 858 9601 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch) ¹⁷

Láithreán Gréasáin: **www.ihrec.ie**

16. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna faoin scéim um chúramaí baile?

Faoin Scéim um Chúramaí Baile, is cúramaí baile thú má thugann tú suas do phost chun aire a thabhairt do leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois nó do dhuine éagumasaithe os cionn 12 bhliain d'aois.

Ó 6 Aibreán 1994, tugtar neamhaird ar bhlianta iomlána a chaitear lasmuigh den lucht oibre le haire a thabhairt do leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois nó do dhuine éagumasaithe os cionn 12 bhliain d'aois nuair a dhéantar áireamh ar do theidlíocht ar Phinsean Stáit (Ranníocach).

Is féidir, áfach, go bhfaighidh tú creidmheasanna i leith na bliana cánach a dtéann tú leis an gcúramaíocht bhaile agus i leith na bliana cánach a n-éiríonn tú as an gcúramaíocht bhaile mura bliain iomlán an tréimhse a chaitear mar cúramaí baile.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

17. An féidir liom cáiliú do chreidmheasanna um athrú stádais?

Is féidir go gcáileoidh tú do chreidmheasanna um athrú stádais má tá tú i bhfostaíocht inárachaithe ar **Aicme A nó H** den ÁSPC agus má bhí do ranníocaíocht íoctha dheireanach ÁSPC ar **Aicme B, C nó D**. Ní chuirtear na creidmheasanna seo um athrú stádais san áireamh ach i dtaca leis an bPinsean Stáit (Ranníocach).

Is féidir leat creidmheasanna um athrú stádais a fháil siar go dtí tús na bliana cánach ar thosaigh tú ag déanamh ranníocaíochtaí ÁSPC ar ráta **Aicme A nó H** agus i gcomhair na bliana cánach roimhe sin.

Sampla

Tosaíonn tú ag déanamh ranníocaíochtaí ÁSPC ar **Aicme A** ar 27/02/2014. Tá creidmheasanna um athrú stádais dlite go dtí 26/02/2014 mar a leanas:

Is don bhliain chánach a dtosaíonn tú ag obair atá sé seo

01/01/2014 - 26/02/2014 = 8 seachtaine

An bhliain chánach roimhe sin

01/01/2013 - 31/12/2013 = 52 sheachtain

Is féidir go gcabhróidh meascán de ranníocaíochtaí ÁSPC ar **Aicme A** agus ranníocaíochtaí ÁSPC ar **Aicme B, C nó D** leat cáiliú do Phinsean Stáit (Ranníocach) *pro-rata* d'árachas measctha amach anseo. Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

18. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlaonna ag **1890 66 22 44** nó má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar **+353 71 91 93302**, le do thoil.
- Buail isteach chuig do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

Leabhráin áisiúla eile:

Liúntas Cúramóra	SW 41
Sochar Cúramóra	SW 49
Liúntas Míchumais	SW 29
Obair a Thabhairt Suas De Dheasca Easláinte	SW 20
Treoir ar Ranníocaíochtaí Deonacha	SW 8
Cúramaithe Baile	SW 1
Sochar Breoiteachta	SW 119
Sochar Máithreachais	SW 11
Oibrithe Forbartha Deonacha	SW 15

